**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00- 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**
**FREAGAIR CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir – **A, B agus C –** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeánann Pictiúr A Caisleán na Páirce, Co. Liatroma, caisleán plandála de chuid an 17ú haois luath.*

(i) Ó phictiúr A, tabhair cúis **amháin** ar tógadh an caisleán ag an suíomh.

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….......(1)

(ii) Cén t-ainm atá ar an gclós iniata atá marcáilte le **X** san fhótagraf?

..……………………………………………………………………………..……………(2)

(iii) Ainmnigh **dhá** rialtóir Bhriotanacha a d'ordaigh go gcuirfí plandálacha i bhfeidhm in Éirinn.

…………………………………………………………….............................................

……………………………………………………………………………..………...(2)

(*b*) **PICTIÚR B**

*Líníocht nua-aimseartha den Boston Tea Party, 1773, is ea Pictiúr B.*

(i) Cén gníomh a rinne na coilínigh Mheiriceánacha le linn an Boston Tea Party, 1773, a thaispeántar i bpictiúr B?

……………………………………………………………………………...…………….(1)

(ii) Cén fhianaise atá ann a thugann le tuiscint nach raibh na coilínigh ag iarraidh go n-aithneofaí iad?

..…………………………………………………………………...…………………………….

……………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Seachas an Boston Tea Party, tabhair **dhá** chúis ar éirigh na coilínigh Mheiriceánacha amach in aghaidh na Breataine in 1775.

..…………………………………………………………………...…………………………….

..…………………………………………………………………...…………………………….

……………………………………………………………………………………………(2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Fótagraf de cheannairí na gComhghuaillithe a tógadh ag Comhdháil Yalta, 1945, is ea Pictiúr C.*

(i) Cén fáth a gceapfadh ceannairí polaitiúla go raibh sé tábhachtach go dtógfaí fótagraf díobh ar ócáid den chineál atá le feiceáil i bpictiúr C?

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………..…………………... (1)

(ii) Ó phictiúr C, ainmnigh **beirt** de cheannairí na gComhghuaillithe a thaispeántar.

………………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………..………………… (2)

(iii) Luaigh cinneadh **amháin** a rinne ceannairí na gComhghuaillithe ag Comhdháil Yalta, 1945.

……………………………………………………………………………..……………………

………………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………..………………… (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2,** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Ba í óráid Tilbury in 1588 an óráid ba cháiliúla a thug Eilís I agus tugadh do na fórsaí talún í i mí Lúnasa 1588 ag Tilbury, in Essex, agus iad ag ullmhú chun Sasana a chosaint i gcoinne Armáid na Spáinne.*

(i) Cén fáth ar tugadh foláireamh don Bhanríon Eilís a bheith cúramach maidir lena cuid sábháilteachta?

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………..……………….. (1)

(ii) Cad a bhí 'socraithe' ag Eilís a dhéanamh?

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………..…………………… (1)

(iii) Cé a bheidh i gceannas ar an arm in ionad Eilíse?

…………………………………………………………………………………………….…….. (1)

(iv) De réir Eilíse, conas a bheidh bua cáiliúil ag na saighdiúirí ar a naimhde?

……………………………………………………………………………..………………………

…………………………………………………………………………………………….…….. (1)

(v) An raibh Eilís reiligiúnach? Tabhair píosa **amháin** fianaise chun tacú le do fhreagra.

…………..……………………………………………………………..……………..................

……………………………………………………………………………..…………………….. (2)

(vi) Tá dhá leagan éagsúla den óráid seo ann. Tabhair **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le foinsí príomha do staraithe.

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….........

………………………………………………………………………………………………… (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Bhí Alexander Werth ina chomhfhreagraí don London Sunday Times agus don BBC. Bhí sé in éineacht le trúpaí na Sóivéide le linn dóibh a bheith ag brú na nGearmánach amach as a dtír le linn an Dara Cogadh Domhanda. Chuir sé roinnt d'áitritheoirí Leningrad faoi agallamh go gairid tar éis bhriseadh an léigir.*

(i) Dar le Anna Andreievna, cén fáth ar chuir daoine na mairbh i bhfolach ina gcuid tithe?

……………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Dar leis an Maor Lozak, cén chiondáil a bhí le fáil ag saighdiúir a bheadh ag troid ag an bhfronta?

……………………………………………………………………………………………… (1)

(iii) Cad é an "íocshláinte ab fhearr" a d'fhéadfaí a thabhairt do na hailtirí le linn an ghorta?

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (1)

(iv) "Bhí cuid acu siúd a chuir Werth faoi agallamh claonta i gcoinne *intleachtóirí.*" Tabhair píosa **amháin** fianaise a thacaíonn leis an ráiteas sin.

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Cén códainm a bhí ar an ionradh a rinne na Naitsithe ar an Aontas Sóivéadach in 1941?

……………………………………………………………………………………………… (2)

## 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Ainmnigh **dhá** mhodh a d'úsáidfeadh seandálaí chun suíomh a aimsiú.

.......................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (2)

(ii) Uaireanta, déanann seandálaithe cur síos ar na daoine ba luaithe in Éirinn mar *fhiagaithe-cnuasaitheoirí*. Cad is brí leis an téarma sin?

.......................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** chineál tuama ón tréimhse Neoiliteach in Éirinn.

.......................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (2)

(iv) Tabhair **dhá** iarmhairt thábhachtacha a bhain le teacht na Críostaíochta go hÉirinn.

.......................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (2)

(v) Luaigh **dhá** fheidhm a bhí ag gild sna meánaoiseanna.

.......................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (2)

(vi) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh an Athbheochan san Iodáil.

.......................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (2)

(vii) Tabhair **dhá** thoradh a bhí ar fhorbairt an chlóphreasa.

.......................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (2)

(viii) Tabhair **dhá** chúis a raibh rialtóirí toilteanach urraíocht a dhéanamh ar thurais farraige le linn Ré na Taiscéalaíochta.

.......................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (2)

(ix) Ainmnigh an tsibhialtacht a chloígh an *conquistador* Spáinneach, Hernando Cortes.

....................................................................................................................................... (2)

(x) Cad ab ea *Ré an Uafáis* sa Fhrainc le linn na 1790idí?

....................................................................................................................................... (2)

(xi) Cad ab ea an Conradh agus Cúnant Sollúnta, 1912?

..........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................... (2)

(xii) Cén fáth ar bhunaigh Séamas Ó Conghaile Arm Cathartha na hÉireann in 1913?

..........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................... (2)

(xiii) Luaigh **dhá** chúis ar bhuaigh Sinn Féin olltoghchán na bliana 1918.

..........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................... (2)

(xiv) Ainmnigh an páirtí polaitíochta a bhunaigh Éamon de Valera in 1926.

.......................................................................................................................................... (2)

(xv) Le linn na tréimhse 1959-1966, luaigh **dhá** chinneadh thábhachtacha a thóg rialtas Sheán Lemass.

..........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................... (2)

(xvi) Cén ceannaire Eorpach ar tugadh *Il Duce* air?

.......................................................................................................................................... (2)

(xvii) I mí na Samhna 1938, cad a tharla le linn *Kristallnacht*?

..........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................... (2)

(xviii) Le linn an Dara Cogadh Domhanda, cad ab ea *Operation Overlord*?

..........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................... (2)

(xix) Ainmnigh **beirt** a bhí ina bPríomh-Airí ar Thuaisceart Éireann ó 1945 i leith.

.......................................................................................................................................... (2)

(xx) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas as *Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois?*

*Srianadh;* *CBT (CAP);* *Díchoilíniú*

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................... (2)



**[Thall**

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR FAOI LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Feirmeoir ina chónaí in Éirinn anallód (réamh-Chríostaí). (20)

(ii) Manach i mainistir sna Meánaoiseanna. (20)

(iii) Ealaíontóir, **a ainmníonn tú**, ón Athbheochan, **LASMUIGH** den Iodáil. (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Ceannaire, **a ainmníonn tú**, ar thuras farraige le linn Ré na Taiscéalaíochta. (20)

(ii) Duine a chónaigh in Éirinn, sa Tuaisceart **nó** sa Deisceart, le linn an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945. (20)

(iii) Ceannaire**, a ainmníonn tú**, a bhí páirteach i gceann **amháin** de na géarchéimeanna a tharla le linn theacht i dtreis na n-ollchumhachtaí (Imshuí Bheirlín; Cogadh na Cóiré; Géarchéim Diúracán Chúba).

**NÓ**


Ceannaire, **a ainmníonn tú**, sa choimhlint ar son neamhspleáchas na hAfraice nó na hÁise i ndiaidh 1945.

**NÓ**

Ceannaire, **a ainmníonn tú**, sa ghluaiseacht ar son Aontas na hEorpa idir 1945 agus 1992. (20)

**5. ÓN bFHEIRM GO dTÍ AN MHONARCHA: Athrú Sóisialta sa Bhreatain san 18ú agus sa 19ú haois.** (30 marc)

**FOINSE D1**



**FOINSE D2**

**Bean Mhic Gabhann:** Tá triúr páistí liom ag obair i muileann Wilson; duine 11, duine 13, agus an duine eile 14. Tá uaireanta rialta oibre acu ansin. Ní bhímid ag gearán. Má laghdaíonn siad ar na huaireanta, níl a fhios agam cad a dhéanfaidh daoine bochta. Tá sé sách deacair orainn maireachtáil faoi mar atáimid. Nílimid ag gearán faoi aon rud ach amháin pá íseal. Tá mo pháistí ag obair sa mhuileann le trí bliana anuas. Níl aon ghearán agam faoi iad a bheith á mbualadh. B'fhearr liom dá mbuailfí iad ná dá ngearrfaí fíneáil orthu.

*Coimisiún Fiosrúcháin na Monarchan, An Bhreatain Mhór, Páipéir Pharlaiminte, 1833.*

**FOINSE E**

Bhí tionchar an iarnróid chomh tábhachtach céanna - é mar phríomh-mhodh cumarsáide anois i ngach tír shibhialta. Bhí an t-inneall traenach in úsáid ar feadh roinnt blianta chun gual a tharraingt; ach níor tugadh aitheantas don tábhacht a bhain leis an aireagán go dtí gur osclaíodh an t-iarnród idir Learpholl agus Manchain in 1830. Ó shin i leith, tá glactha le hiarnród an innill traenach ar fud na hEorpa. I Meiriceá, i gCeanada, agus sna coilíneachtaí, tá acmhainní as cuimse na talún tugtha chun solais aige. Thug sé an tuath níos gaire do na bailte móra agus na bailte móra níos gaire don tuath.

*Project Gutenberg 1996; Men of Invention and Industry le Samuel Smiles.*

**FOINSE F**

Go dtí le gairid, b'éadaitheoir línéadaigh in Eabhrac é an tUasal Hudson, "Rí an Iarnróid," cathair a raibh sé faoi dhó ina Ard-Mhéara uirthi. Is eol do chách go raibh rath thar na bearta ar a ghairm mar fhiontraí iarnród, a bhuíochas sin dá chumas, dá bhreithiúnas agus dá ionracas. Thug cuideachta amháin £50,000 mar chúiteamh dó as ucht a fheabhas agus a bhainistigh sé a gcuid gnóthaí. Faoi láthair, tá sé an-saibhir go deo agus le bliain anuas tá eastát suntasach ceannaithe aige ó Dhiúc Devonshire.

*London Illustrated News, 6 Meán Fómhair, 1846.*

**A. Foinsí D1 agus D2**

(i) I bhFoinse D1**,** cén cineál oibre atá á déanamh ag an mbean? (2)

(ii) I bhFoinse D2**,** cén fáth arbh fhearr le Bean Mhic Gabhann go mbuailfí a cuid páistí ná go ngearrfaí fíneáil orthu? (2)

(iii) Tabhair cúis **amháin** ar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain. (2)

(iv) Cad a chuir aon **bheirt** díobh seo a leanas leis an Réabhlóid Thionsclaíoch? -

*John Kay;* *James Watt;* *Abraham Darby*. (4)

**B. Foinsí E agus F**

(i) Dar le húdar Fhoinse E, tabhair **dhá** bhuntáiste a thug na hiarnróid leo. (2)

(ii) Ó Fhoinse F, cén fáth, dar leat, ar tugadh an teideal *"Rí an Iarnróid*" ar an Uasal Hudson? (2)

(iii) Cad a chuir aon **bheirt** díobh seo a leanas leis an Réabhlóid sna Córais Iompair? -

*George Stephenson;* *Thomas Telford;* *Isambard Kingdom Brunel.* (4)

**C.** Scríobh cuntas ar cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas:

(a) Forbairtí san fheirmeoireacht le linn na Réabhlóide Talmhaíochta.

(b) Iarrachtaí chun dálaí oibre i muilte teicstíle agus i mianaigh ghuail sa Bhreatain a fheabhsú le linn an 19ú haois.

(c) Athruithe i sláinte phoiblí le linn na Réabhlóide Tionsclaíche.

(12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, agus D.** (60 marc)

## (A) AN REIFIRMÉISEAN

(i) Tabhair **dhá** chúis ar cheap mórán daoine go raibh gá an Eaglais Chaitliceach a leasú thart ar an mbliain 1500. (1 x 2)

(ii) Maidir le Mártan Liútar, mínigh **dhá** cheann díobh seo a leanas:

*Na 95 Téis;* *Bulla an Phápa;* *Forógra Worms.* (2 x 2)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar an Reifirméisean, tabhair **dhá** dhifríocht idir creidimh leasaitheora, **a ainmníonn tú**, agus creidimh na hEaglaise Caitlicí. (2 x 2)

(iv) Scríobh cuntas ar an tionchar a bhí ag an Reifirméisean ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Éire.
(b) An Bhreatain.
(c) Mór-Roinn na hEorpa. (10 x 2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Luaigh **dhá** chineál foinse príomha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach maidir le staidéar a dhéanamh ar athrú sóisialta in Éirinn. (1 x 2)

(ii) Seachas an talmhaíocht, luaigh **dhá** bhuntáiste a bhain le ballraíocht na hÉireann i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) in 1973. (2 x 2)

(iii) Tabhair **dhá** athrú mhóra san fhóillíocht ó 1960 i leith. (2 x 2)

(iv) Scríobh faoi athruithe in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó 1945 i leith:

(a) Creideamh agus cleachtaí creidimh.
(b) Stádas na mban.
(c) Obair i suíomh uirbeach. (10 x 2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITÍOCHTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair **dhá** chúis ar chuir na hAontachtaithe i gcoinne an Rialtais Dúchais. (1 x 2)

(ii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhain le Rialtas Chumann na nGaedhael, 1923-1932:

*Scéim na Sionainne;* *Acht Timpeal Toghchán (Leasú), 1927;* *Reacht Westminster.* (2 x 2)

(iii) Luaigh **dhá** bhealach ar bhain Éamon de Valera an Conradh Angla-Éireannach as a chéile idir 1932 agus1938. (2 x 2)

(iv) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Éirí Amach na Cásca, 1916.
(b) An Chéad Chomhrialtas, 1948-1951.
(c) Gluaiseacht Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann. (10 x 2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair **dhá** théarma a bhain le Socrú Versailles maidir leis an nGearmáin. (1 x 2)

(ii) Maidir le Hitler, mínigh **dhá** cheann díobh seo a leanas:

*An tAcht Údaraithe;* *Oíche na Sceana Fada;* *An Comhaontú Cruach.* (2 x2)

(iii) Tabhair **dhá** chúis ar buadh ar Ghearmáin na Naitsithe sa Dara Cogadh Domhanda. (2 x 2)

(iv) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Briseadh na Fraince, 1940.
(b) Cath na Breataine, 1940.
(c) An Cogadh san Aigéan Ciúin, 1941-1945. (10 x 2)